

Achoimre ar Chuspóirí

Seirbhísí agus Acmhainní

Seirbhísí tacaíochta agus acmhainní a chur ar fáil do bhaill tofa chun a sainordú daonlathach a chomhlíonadh agus don fhoireann chun a gcur chuige feidhmiúcháin a chomhlíonadh go héifeachtach ionas gur féidir linn seirbhísí ar ardchaighdeán éifeachtúla agus éifeachtacha a sholáthar do chách.

Geilleagair agus éifeachtúlachtaí a sholáthar trí oibriú le húdaráis agus gníomhaireachtaí áitiúla eile ar thionscnaimh seirbhísí comhroinnte

Tithíocht agus Cuimsiú Sóisialta

Diús a chur le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán, le chothrom na Féinne agus in áiteanna feiliúnacha chun pobail inmharthana a fhorbairt

Pleanáil

Córas pleanála cuí éifeachtach a bheith i bhfeidhm a bheidh in ann cuspóirí inmharthana eacnamaíochta, comhshaoil agus forbartha sóisialta na cathrach a bhaint amach

Iompar

Obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt, príomhghníomhaireachtaí maoinithe agus páirtithe leasmhara eile chun Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i bhfeidhm

Gníomhú ar son na hAeráide, Comhshaol agus Caitheamh Aimsire

Timpeallacht nádúrtha ár gcathair a chosaint, a fheabhsú agus a chaomhnú, ceannaireacht a sholáthar i ngníomhú ar son na haeráide agus áiseanna caithimh aimsire – áineas, fóillíocht agus taitneamhacht – ar ardchaighdeán a fhorbairt agus a chur chun cinn chun caighdeán na beatha a fheabhsú

Forbairt Eacnamaíochta, Pobal agus Cultúr

Éiceachóras eacnamaíoch láidir inmharthana a éascú i nGaillimh a thacódh le caighdeán maith maireachtála don phobal, agus a chinnteoidh forbairt inmharthana an réigiúin

Straitéis bunaithreach a chur ar fáil a a léiríonn gur samhail oibre í Gaillimh d'inmharthanacht chultúrtha, rannpháirtíocht an phobail, dea-chleachtas agus éispéiris chultúrtha agus chruthaitheacha den chéad scoth

A chinntiú gur féidir leis an bpobail iomlán a lánacmhainneacht a bhaint amach agus ról foirmiúil gníomhach a ghlacadh i gceapadh agus maoirseacht beartais trí rannpháirtíocht agus comhoibriú dírithe ar spriocanna.